

## Leagan deiridh



teachtaniar.eu



## Cuireadh Chun Tairisceana

### Tionscadal Comhairleoireachta don Chlár Idirbhliana “Teacht in Inmhe”

Fáilteoidh Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Teacht Aniar roimh iarratais ó chomhairleoirí leis an saineolas cuí chun tabhairt faoi thionscadal comhairleoireachta don Chlár Idirbhliana “Teacht in Inmhe” de réir an eolais agus na gcritéar thíos.

#### 1. Réamhrá

##### Tuismitheoirí na Gaeltachta

Bunaíodh **Tuismitheoirí na Gaeltachta** le tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh. Tá an eagraíocht gníomhach i gceantair Ghaeltachta Chonamara agus Thír Chonaill. Bíonn Tuismitheoirí na Gaeltachta i mbun abhcóideachta, comhairle agus tacaíochta a chur ar fáil, imeachtaí sóisialaithe agus eile a reáchtáil agus taighde a dhéanamh agus a scaipeadh ar cheisteanna a bhaineann le tógáil clainne le Gaeilge.

##### Teacht Aniar

Eagraíocht neamhspleách is ea **Teacht Aniar** a bhfuil aidhm aige sochaí na hÉireann ina hiomláine a athréimniú trí fhorbairt chomhtháite shóisialta, eacnamaíochta, éiceolaíoch, chultúrtha, agus teanga.

#### 2. Teacht in Inmhe

Is clár scoile idirbhliana é Teacht in Inmhe, a bheidh á reáchtáil i gcomhpháirt ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Teacht Aniar leis na haidhmeanna seo a leanas:

- Deiseanna agus gréasáin a chruthú do dhaoine óga a spreagfaidh muinín, cairdeas agus comhghuaillíocht ina measc trí mhéan na Gaeilge.

- Tiomantas dá gceantair féin mar cheantair Ghaeltachta a fhorbairt agus a chothú ina measc.
- Deiseanna a chur ar fáil dóibh chun a dtréithe ceannaireachta a chothú, a fhorbairt agus a chleachtadh.
- Deiseanna a chruthú a chuirfidh ar a gcumas léirthuisicint a fháil ar shaol agus ar shochaí chomhaimseartha na hÉireann agus an domhain.
- Teagmhálacha a chruthú idir scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lánGhaeilge ar fud na tíre agus gréasán sóisialta a bhunú do dhaoine óga ó na scoileanna sin .

Reáchtálfar an Clár Teacht in Inmhe i scoileanna Gaeltachta i dtosach báire agus ansin de réir a chéile, i scoileanna LánGhaeilge a shásaíonn critéir dhea-chleachtais an tumoideachais. Cuirfidh an clár comhthéacs ar fáil d'fhorbairt fhoráis iomlánaíoch an duine óig, ar a n-áirítear:

1. Forás Intleachtúil: *Forbairt an chumais chun anailís, cinntí agus machnamh criticiúil a dhéanamh.*
2. Forás pearsanta: *Forbairt na scileanna saoil a bhaineann le spriocanna agus aidhmeanna a shocrú.*
3. Forás oideachasúil: *Ról an oideachais i saol an duine, agus conas an leas is fearr a bhaint as na deiseanna oideachasúla atá ar fáil.*
4. Forás Sóisialta: *Scileanna cumarsáide ó bhéal, ó pheann agus sna meáin shóisialta; caidrimh idirphearsanta, obair foirne agus obair ghrúpa.*
5. Forás polaitiúil agus eacnamaíoch: *An córas polaitiúil áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.*
6. Forás éiceolaíoch: *Dearcadh domhanda comhtháite, an ghéarchéim éiceolaíochta, dífhás, agus féidearthachtaí áitiúla éiceolaíocha.*
7. Forás Cultúrtha: *Feasacht ar ghnéithe de chultúir agus d'ealaíona éagsúla na hÉireann, na hEorpa agus an domhain.*
8. Forás teanga: *Forbairt an chumais ard-smaointeoireachta agus ard-réimeanna teanga, féinfheasacht teanga, tábhacht na gcanúintí áitiúla agus muinín a chothú iontu.*
9. Forás Spóirt: *Gníomhaíochtaí agus imeachtaí spóirt foirne agus aonair.*
10. Forás Cruthaíochta: *Na hEalaíona Cruthaíocha agus na Taibhealaíona.*

### **3. An Tionscadail Comhairleoireachta**

Tá comhairleoir á lorg le dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara éagsúla a mbeidh spéis nó ionchur acu sa chlár seo agus chun an clár a dhearadh i gcomhréir leis na sonraí thuas agus le bheith feiliúnach do dhaltaí idir cuig bliana déag agus sé bliana déag d'aois.

Beifear ag súil go gcuirfidh an comhairleoir a cheapfar moltaí ar fáil maidir le, *inter alia*, ábhar, struchtúr, costas agus riachtanais an chláir agus go ndéanfaí sé/sí moltaí faoi na ceisteanna sonracha seo a leanas:

- (1) Achar ama an chláir agus ar chóir é a reáchtáil i mbloc seachtaine nó coicise nó é a reáchtáil ar bhonn seachtainiúil.
- (2) Minicíocht an chláir: uair amháin sa scoilbhliain nó níos mó.
- (3) Ionaid an Chláir: Ar chóir é a reáchtáil sna scoileanna féin nó in ionad lasmuigh de na scoileanna?
- (4) Ar chóir an clár a bhunú ar scoileanna aonarachá n'ó ar dhaltai ó scoileanna éagsúla ag teacht le chéile?
- (5) Céard iad na scoileanna a bheadh oiriúnach agus an mbeadh spéis acu a bheith rannpháirteach sa chlár?
- (6) An bhfuil dreamanna eile a mbeadh spéis acu a bheith mar pháirtneírí i seachadadh an chláir?
- (7) Ar chóir an clár a dhearadh in oiriúnt do dhaltai le sainspéiseanna faoi leith?
- (8) Cúrsaí slándála, árachais agus cosaint leanái.
- (9) Féidearthachtaí ó thaobh tréimhse a chaitheamh i nGaeltacht eile nó i scoil lánGhaeilge a scrúdú.
- (10) Ról múinteoirí na scoile/ scoileanna i ndearadh agus i seachadadh na scéime.
- (11) Líon agus cineál foirne a bheidh de dhíth chun an scéim a reáchtáil.
- (12) Costas Reáchtála na Scéime.
- (13) Costas rannpháirtíochta na scéime do scoileanna agus/nó do dhaltai.

Mar chuid den obair seo beifear ag súil go rachaidh an té a bheidh i mbun na hoibre i gcomhairle leis na dreamanna seo a leanas:

- (1) Príomhoidí agus Múinteoirí na scoileanna iarbhunoidéachais Gaeltachta
- (2) Tuismitheoirí
- (3) Daltai
- (4) Daoine a bhfuil taithí acu ag reáchtáil Coláistí Samhraidh.
- (5) Foireann ChOGG agus an Aonaid Oideachais Ghaeltachta.
- (6) Údaráis na Gaeltachta, Foras na Gaeilge agus an tAonad Gaeltachta sa Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.
- (7) Gaeloideachas.
- (8) Na Coistí pleanála teanga
- (9) Óige na Gaeltachta
- (10) Cumann Lúthchleas Gael
- (11) Clár "críochniú scoile"
- (12) Aon dream eile a bhfuil sainspéis acu sa tionscadal seo nó a d'fhéadfadh cabhrú leis.

Beidh trí chéim sa Tionscadail Comhairleoireachta, mar a shonraítear thíos.

### **3.1 Céim a 1: Athbhreithniú Litríochta**

- (i) Athbhreithniú litríochta ar an ábhar a bhailiú agus a scagadh, ag cur san áireamh:
- Taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar chlár oideachais agus óige eile den chineál seo.
  - Tuairiscí agus eolas eile atá ar fáil maidir le sceimeanna idirbhliana atá ag feidhmniú faoi láthair.
  - Aon scéim eile in Éirinn nó thar lear a bheadh ábharach don tionscadal seo
- (ii) Cuairt a thabhairt ar Iarbhunscoileanna Gaeltachta chun:
- Eolas a bhailiú faoi líon na scoileanna a bhfuil idirbhliain acu, agus
  - Aithne a chur ar na príomhoidí agus a gcuid foirne agus an cleachtas reatha idirbhliana a thuiscint.
- (iii) Tuairisc ar an obair thuas a chur ar fáil do Choiste Stiúrtha an Tionscadail.

### **3.2 Céim a 2: An Obair Pháirce**

- (i) Obair pháirce, ar a n-áirítear, na gnéithe seo a leanas:
- Ceistneoir a chur chuig na scoileanna le tuairimí agus le moltaí a lorg.
  - Cruinnithe a eagrú le daoine/eagraíochtaí atá luaite thuas.
  - Grúpaí fócais a eagrú de réir mar a oireann.
  - Agallaimh a dhéanamh leis na príomhoidí agus leis na muinteoirí a bhíonn i bhfeighil na hdirbhliana de réir mar a oireann
- (ii) Tuairisc ar an obair thuas a chur ar fáil do Choiste Stiúrtha an Tionscadail.

### **3.3 Céim a 3: Moltaí maidir le Ábhar, Struchtúr agus Seachadadh an Chláir**

- (i) Tuairisc chríochnaitheach a chur ar fáil a chuimsíonn cur síos ar an obair a déanadh i gCéim 1 agus i gCéim 2 den tionscadail agus a moltaí maidir le hábhar, struchtúr agus seachadadh an chláir ag cur san áireamh múnlaí éagsúla ó thaobh struchtúr de, de réir mar a oireann.

#### **4. Sonraí an Tionscadail Chomhairleoireachta**

##### **4.1 Buiséad:**

- €25,000 uasmhéid an bhuiséid don togra.
- Cuimsíonn an buiséad costas iomlán an taighdeora.
- Íocfar an táille go céimiúil bunaithe ar an gcur chuige in 1,2, agus 3 thuas ag ráta 30%,30% agus 40%.

##### **4.2 Scála ama:**

Meastar go nglacfaidh an tionscadal seo idir ceithre agus cúig mhí oibre agus ní mór é a bheith críochnaithe roimh dheireadh mhí Iúil 2018

##### **4.3 Tuairisciú:**

Beidh an taighdeoir freagrach don Choiste Stiúrtha comhdhéanta d'ionadaithe ó Thuismitheoiri na Gaeltachta agus Teacht Aniar agus , ó lá go lá, do chathaoirleach an Choiste. Beidh an bainisteoir ar fáil le plé a dhéanamh leis an taighdeoir agus pé cabhair a bheidh ag teastáil a thabhairt.

##### **4.4 Eolas mar a bhaineann leis an dtionscadal taighde.**

Féadfar tuilleadh eolais ar an dtionscadal taighde seo a lorg ó Chathaoirleach an Choiste Breandán Mac Cormaic.

#### **5 An Próiseas Tairisceana:**

Glacfar le hiarratais i scríbhinn nó tríd an idirlíon ó chomhairleoirí/taighdeoirí aonair agus le comh-iarratais ó mheitheal de chomhairleoirí/taighdeoirí. Ní mór go gcuimseodh gach iarratas:

- a) Próifíl taighde agus CV an iarrthóra / na meithle.
- b) Sonraí ar obair thaighde ábhartha eile.
- c) Taithí ar a bheith ag baint leasa as na modheolaíochtaí atá leagtha amach sa tionscadal taighde.
- d) Sceideal ama beacht mar a bhaineann le gach céim den taighde.
- e) An buiséad mar a bhaineann le gach céim den taighde.

#### 4.6 Critéir Mheasúnaithe

Cuirfear na critéir seo a leanas san áireamh agus na hiarratais á meas:

- a) Saintuiscint agus saintaithí ar earnáil an Oideachais Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge;
- b) Taithí in úsáid réimse leathan modheolaíochtaí taighde, mar aon le taithí ar thaighde cáilíochtúil agus cainníochtúil;
- c) Taithí ar thaighde agus ar fhoilseacháin taighde ar ardchaighdeán a chur ar fáil i réimse an tionscadail taighde a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith;
- d) Soiléireacht agus éifeacht an chur chuige taighde atá beartaithe;
- e) Léiriú ar indéantacht an chur chuige taighde laistigh den bhfráma ama luaite;
- f) Cumas cloí le buiséad an taighde, agus
- g) Tuiscint léirithe ar na saincheisteanna taighde seo.

#### 4.7 Spriocdháta na n-iarratas: 20.00 Dé Luain an 12 Feabhra 2018

#### 4.8. Iarratais chuig:

Breandán Mac Cormaic,  
43, Páirc Theampaill Ruáin,  
Baile Átha Cliath 16  
[bmacormaic@eircom.net](mailto:bmacormaic@eircom.net)

Tá an taighde seo á mhaoiniú le tacaíocht ó COGG

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

